

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE  
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

FÓMHAR 2017

**Sleachta Léitheoireachta**

**Canúint Uladh**

Tús Maith

Thosaigh Moya ina post samhraidh maidin Dé Luain. Bhí sí ag súil go mór le bheith ag obair le Mánas ina ghnó nua – ag ligean rothar amach ar cíos. Bhí a lán de chairde Mhoya imithe go Chicago don samhradh. Bhí Moya, áfach, ag iarraidh fanacht sa bhaile chun imirt lena club, *Na Ceithre Máistrí*. Bhí Moya mar chaptaen ar an bhfoireann agus bhí sí ag imirt i lár na páirce. Nuair a shroich Mánas an siopa bhí áthas air go raibh Moya ansin roimhe. Bhí sé an-sásta freisin go raibh sí gléasta ar dóigh. Bhí t-léine gheal ghorm uirthi, bríste gorm agus bróga reatha deasa glana.

**Canúint Chonnacht**

Beannú na mBád

“Cloisim go bhfuil trálaer nua ceannaithe agat,” arsa an sagart le Peadar nuair a bhuail sé leis san ardán i bPáirc na bPiarsach i Ros Muc.

“Chuala tú i gceart,” arsa Peadar. “As seo amach is ag obair dom féin a bheidh mé.”

“Cá bhfuil an trálaer faoi láthair?” arsa an sagart.

“Ag Céibh Ros a’ Mhíl,” arsa Peadar. “An mbeannóidh tú dom í, a Athair?”

“Beannóidh,” arsa an sagart. “Beidh *Beannú na mBád* ann Dé Domhnaigh seo chugainn ar a trí a chlog. Feicfidh mé ann thú. Cén t-ainm atá tú ag dul ag tabhairt uirthi?”

“An Naomh Mac Dara,” arsa Peadar.

“Tabharfaidh Mac Dara aire duit ceart go leor,” arsa an sagart.

**Canúint na Mumhan**

Seisiún Traenála

Chuaigh Muiris abhaile ón Ollscoil don deireadh seachtaine. Nuair a bhí sé ag teacht ar ais Dé Domhnaigh thug sé a mhála peile leis. Istigh ann bhí a bhróga peile, a stocaí peile, a bhríste peile agus geansaí an chontae a tugadh dó ag deireadh an tséasúir le mionúir Chiarraí.

Dé Máirt ag am lóin bhí Muiris thuas ar an bpáirc san Ollscoil. Bhí Ciarán Ó Murchú ann, captaen na foirne. Thóg Ciarán an grúpa le chéile roimh an seisiún traenála. Chuir sé Muiris in aithne don ghrúpa. Níor aithin Muiris aon duine eile sa ghrúpa ach lead ard rua a raibh geansaí na Gaillimhe air. Éanna Ó Laoi a bhí ann ceart go leor, an fear bhí á mharcáil ag Muiris i gcluiche ceannais na hÉireann cúpla seachtain roimhe sin.

FÓMHAR 2017

## Sleachta Léitheoireachta

### Canúint Uladh

Tús Maith

1. Cén lá a thosaigh Moya ina post nua?
2. Cén sórt gnó a bhí ag Mánas?
3. Cá raibh a lán de chairde Mhoya imithe?
4. Cén club a raibh Moya ag imirt leis?
5. Conas a bhí Moya gléasta?

### Canúint Chonnacht

Beannú na mBád

1. Céard a bhí ceannaithe ag Peadar?
2. Cár bhuail Peadar leis an sagart?
3. Cá bhfuil an trálaer faoi láthair?
4. Cén lá a bheidh *Beannú na mBád* ann?
5. Cén t-ainm a bheidh ag Peadar ar an trálaer?

### Canúint na Mumhan

Seisiún Traenála

1. Cá ndeachaigh Muiris don deireadh seachtaine?
2. Cén lá a tháinig Muiris ar ais?
3. Céard a bhí ina mhála peile ag Muiris?
4. Cá raibh Muiris ag am lóin Dé Máirt?
5. Cé a chuir Muiris in aithne don ghrúpa?